



Uimhir 2 de 2014

An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Leasú), 2014
[An tiontú oifigiúil]



Uimhir 2 de 2014

**AN tACHT UM THOGHCHÁIN DO PHARLAIMINT NA hEORPA
(LEASÚ), 2014**

[An tiontú oifigiúil]

CLÁR AN ÁBHAIR

Alt

1. Míniú
2. Leasú ar alt 15 den Phríomh-Acht
3. Sceideal nua a chur in ionad an Tríú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht
4. Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua

[Uimh. 2.] *An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa*
(Leasú), 2014. [2014.]

NA hACHTANNA DÁ DTAGRAÍTEAR

An tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997 (Uimh. 2)

Na hAchtanna um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1992 go 2013



Uimhir 2 de 2014

**AN tACHT UM THOGHCHÁIN DO PHARLAIMINT NA hEORPA
(LEASÚ), 2014**

[An tiontú oifigiúil]

Acht d’athmheas thoghlaigh Pharlaimint na hEorpa, do dhéanamh socrú maidir le líon na gcomhaltaí atá le toghadh do na toghlaigh sin, chun na gcríoch sin do leasú an Achta um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997, agus do dhéanamh socrú i dtaobh nithe gaolmhara. [5 Feabhra 2014]

Achtaítear ag an Oireachtas mar a leanas:

Míniú

1. San Acht seo, ciallaíonn “Príomh-Acht” an tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1997.

Leasú ar alt 15 den Phríomh-Acht

2. Leasaítear alt 15 den Phríomh-Acht tríd an bhfo-alt seo a leanas a chur in ionad fho-alt (3):

“(3) Aon limistéar a shonraítear sa Tríú Sceideal, measfar gurb é an limistéar sin é mar a bhí an 1 Eanáir 2013.”.

Sceideal nua a chur in ionad an Tríú Sceideal a ghabhann leis an bPríomh-Acht

3. Leasaítear an Príomh-Acht maidir le toghcháin Eorpacha a dhéanfar tar éis an 1 Eanáir 2014 tríd an Sceideal seo a leanas a chur in ionad an Tríú Sceideal a ghabhann leis an Acht sin:

“AN TRÍÚ SCEIDEAL

Alt 15.

TOGHLAIGH

Toghlach	Limistéar	An Líon Comhaltaí
Baile Átha Cliath	Na contaetha seo a leanas: Dún Laoghaire-Ráth an Dúin, Fine Gall agus Baile Átha Cliath Theas;	3

	agus cathair Bhaile Átha Cliath.	
An Lár Tíre - An tlarthuaisceart	Na contaetha seo a leanas: An Cabhán, Dún na nGall, Gaillimh, Cill Dara, Laois, Liatroim, an Longfort, Lú, Maigh Eo, an Mhí, Muineachán, Uíbh Fhailí, Ros Comáin, Sligeach agus an Iarmhí; agus cathair na Gaillimhe.	4
An Deisceart	Na contaetha seo a leanas: Ceatharlach, an Clár, Corcaigh, Ciarraí, Cill Chainnigh, Luimneach, Tiobraid Árann Thuaidh, Tiobraid Árann Theas, Port Láirge, Loch Garman agus Cill Mhantáin; agus cathracha Chorcaí, Luimnigh agus Phort Láirge.	4

Gearrtheideal, forléiriú agus comhlua

4. (1) Féadfar an tAcht um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa (Leasú), 2014 a ghairm den Acht seo.
- (2) Déanfar na hAchtanna um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1992 go 2013 agus an tAcht seo a léamh le chéile mar aon ní amháin agus folófar an tAcht seo sa chomhlua “na hAchtanna um Thoghcháin do Pharlaimint na hEorpa, 1992 go 2014”.